



Professional Masters in Education

Ollscoil na Gaillimhe - Professional Master of Education

An Máistir Gairmiúil san Oideachas

Ollscoil na Gaillimhe - Máistir Gairmiúil san Oideachas

Clárú na Comhairle Múinteoireachta – Incháilitheacht Céime

Foirm Dhearbhaithe Ábhair

Foirm Dhearbhaithe Ábhair na Comhairle Múinteoireachta

1. Ní dhéanfar áiteanna a thairiscint ar an gclár Professional Master of Education/Máistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoil na Gaillimhe ach d'iarratasóirí a bhfuil céimeanna leibhéal 8 (nó a gcomhionann) acu ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn (NFQ), a bhfuil toradh foriomlán H2.2 ar a laghad acu agus a chomhlíonann riachtanais chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile amháin ar a laghad. Is féidir teacht ar riachtanais chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta do gach ábhar curaclaim iar-bhunscoile [anseo](#).
2. Tá sé de fhreagracht ar iarratasóirí a chinntiú go bhfuil a gcéim leibhéal 8 incháilithe chun críocha clárúcháin mar mhúinteoir iar-bhunscoile agus ní mór duit dearbhú chuige sin a dhéanamh ar an bhfoirm dhearbhaithe ábhair.

Chun a dheimhniú an bhfuil do chéim incháilithe ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Déan tagairt do [riachtanais ábhair iar-bhunscoile na Comhairle Múinteoireachta](#) ag 1 thuas agus cinntigh go gcomhlíonann tú na riachtanais do cheann amháin ar a laghad de na hábhair churaclaim liostaithe. Ní mór duit an fhoirm/na foirmeacha féindearbhaithe ábhair cuí a líonadh ar líne le linn an phróisis iarratais. Tá sé inmholta an fhoirm a líonadh go hiomlán ag an am seo mar nach bhféadfadh í a nuashonrú nuair a bheidh an t-iarratas curtha isteach.
- Deimhnigh go gcomhlíonann an t-ábhar/na hábhair a rinne tú i do chéim na critéir do na hábhair theagaisc is rogha leat mar atá leagtha amach ag [Clárú na Comhairle Múinteoireachta: Riachtanais d'Ábhair Churaclaim \(Iarbhunscoil\)](#)



Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir a dheimhniú go bhfuil a c(h)éim leibhéal 8 incháilithe do chlárúchán chun múineadh ag leibhéal Iar-bhunscoile agus Ní bheidh Ollscoil na Gaillimhe freagrach sa chás go ndiúltaítear cead isteach do chéimí an chláir Professional Master of Education/An Máistir Gairmiúil san Oideachas ar Chlár na Múinteoirí ar bhonn dearbhú contráilte.

Ní chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta comhairle ar iarratasóirí maidir le ceistanna a bhaineann le leithdháileadh áiteanna ar an Professional Master of Education/An Máistir Gairmiúil san Oideachas nó nósanna imeachta oibriúcháin Ollscoil na Gaillimhe.

NB: Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go líonann siad an Fhoirm Iarratais ar líne don Professional Master of Education/Máistir Gairmiúil san Oideachas i gceart. Ba chóir d'iarratasóirí a chinntiú freisin go bhfuil a gclár céime leibhéal 8 aitheanta liostaithe go beacht ar an bhFoirm Iarratais. Ní féidir le hOllscoil na Gaillimhe aon fhreagracht a ghlacadh as botúin a dhéanann iarratasóirí agus an Fhoirm Iarratais á líonadh acu.